An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta

# Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ........ 3

**Forléargas** ........ 3

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ........ 4

**Cur chuige modheolaíoch** ........ 4

**Freagraí an chomhairliúcháin** ........ 5

CUID 2: TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN ........ 6

**Cur i láthair agus Sprioc-Léitheoirí** ........ 6

**Teagasc agus Foghlaim** ........ 7

Ról na dtéacsanna ........ 7

An Phunann Teanga ........ 8

Torthaí foghlama ........ 8

Gramadach ........ 9

**Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha (ACN) agus Araibis Chanúnach (AC)** ........ 9

**Measúnú don teistiúchán** ........ 10

Comhpháirteanna Measúnaithe Breise ........ 10

Béaltriail ........ 11

Scrúdú Cluastuisceana ........ 12

**Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil** ........ 12

CUID 3: BREITHNITHE AGUS CONCLÚIDÍ ........ 13

**Breithnithe** ........ 13

**Conclúid** ........ 13

TAGAIRTÍ ........ 14

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE ........ 14

# Réamhrá

## Forléargas

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh an Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus d'eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 1 i gcrích in 2024 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2025. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Araibis na hArdteistiméireachta i dTráinse 1.

Cuireadh dréachtsonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 8 Samhain 2023 go dtí an 23 Feabhra 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus ionraice an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht nua d'Araibis na hArdteistiméireachta. Bhí na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán dírithe ar na ceisteanna seo a leanas:

- An éiríonn leis an tsonraíocht dul go croí na nithe is tábhachtaí dúinn in Araibis na hArdteistiméireachta mar ábhar?
- An léirítear sna comhpháirteanna measúnaithe an fhoghlaim leathan a bhfuiltear ag súil leis san ábhar?
- Cad iad na tacaíochtaí eile a theastaíonn chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm go rathúil?

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúcháin go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Dearbhaíodh an Réasúnaíocht agus Aidhm a luadh le haghaidh Araibise, rud a thug le fios go gcuireann siad ar fáil cur chuige iomlánaíoch, praiticiúil agus ionchuimsitheach maidir le teangacha a fhoghlaim. Tarraingíodh aird ar an mbéim ar phríomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt agus moladh an tsoiléireacht maidir leis an nasc idir príomhinniúlachtaí agus Araibis a fhoghlaim. Bhí ardleibhéal faofa ann maidir leis na béaltrialacha agus scrúduithe cluastuisceana a chur leis, scrúduithe a thacaíonn le haidhmeanna na sonraíochta le cur ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus chun sásamh a bhaint as Araibis a fhoghlaim. Moladh do na rannpháirtithe freisin gan díriú ar na téacsanna atá leagtha síos agus gan aird a thabhairt ar an mbéim mhór a leagtar ar chúrsaí gramadaí sa chúrsa reatha. Luadh roinnt ábhar imní le linn an chomhairliúcháin phoiblí a bhain le cur i láthair agus sprioc-léitheoirí na sonraíochta, agus an gá le tuilleadh soiléireachta maidir le ról phunann teanga an scoláire agus ról na hAraibise Caighdeánaí Nua-aimseartha agus na hAraibise Canúnaí i dteagasc, foghlaim agus measúnú. Léirigh

rannpháirtithe easpa soiléireachta freisin maidir le gramadach agus téacsanna i dteagasc na hAraibise. Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna coda seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i Roinn a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i Roinn a Dó ar thorthaí an chomhairliúcháin agus tá príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i Roinn a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Cuimsíodh leis an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta roinnt modhanna rannpháirtíochta le linn na tréimhse comhairliúcháin ocht seachtaine:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Fócasghrúpaí chun léargais a fháil ó mhúinteoirí agus ón scoláire
- Agallaimh theileafón.

Baineadh leas as cur chuige na samplála féinroghnaithe don suirbhé ar líne, do na haighneachtaí scríofa, do na seisiúin fócasghrúpa agus d'agallaimh theileafón. Cruinnithe fócasghrúpa 15 scoláire sa tsraith shinsearach agus 6 mhúinteoir. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe fócasghrúpa faoi 18 mbliana d'aois. Dúradh leis na rannpháirtithe nach raibh in ann freastal ar na cruinnithe fócasghrúpa, go mb'fhéidir go mbeadh an deis acu agallamh teileafóin duine ar dhuine a dhéanamh i mí Feabhra 2024 ina áit sin. Ba mar a chéile na ceisteanna a cuireadh sna hagallaimh agus na ceisteanna a cuireadh sna fócasghrúpaí.

Rinneadh taifeadadh scríofa de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus agallaimh theileafóin. Rinneadh na sonraí a bailíodh a anaithnidiú, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé faoi réir théamaí treoracha an chomhairliúcháin. Chabhraigh sé seo an téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a dó den tuarascáil seo.

**Freagraí an chomhairliúcháin**
Bailíodh na freagraí ar fud na gceithre mhodh rannpháirtíochta. Cuimsíodh meascán de scoláirí cúigiú bliain agus séú bliain le fócasghrúpa na scoláirí, agus bhí siad ag déanamh staidéar ar Shiollabas Eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta lasmuigh de scoileanna mar ábhar breise. Labhraíonn gach scoláire díobh Araibis mar theanga baile nó mar theanga oidhreachta. Cuimsíodh 6 mhúinteoir le fócasghrúpa na múinteoirí a bhí ag teagasc Shiollabas Eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta lasmuigh de scoileanna mar ábhar breise. Labhraíonn gach múinteoir Araibis mar theanga dhúchais agus is as réimse tíortha iad, agus leaganacha éagsúla Araibise acu.

| An modh comhairliúcháin | Achoimre ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | múinteoir, oideoir múinteora, oideoirí/taighdeoirí tríú leibhéal | 3 |
| Aighneacht i scríbhinn | Oide, Fauzia Saeed, Cumann Araibise na hÉireann | 3 |
| Fócasghrúpa na múinteoirí | Múinteoirí ag teagasc Siollabas Eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta | 6 |
| Fócasghrúpa na scoláirí | Scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain ag déanamh staidéar ar Shiollabas Eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta | 15 |
| Agallaimh theileafóin chomhairliúcháin | múinteoir, oideoir tríú leibhéal/taighdeoir | 2 |

*Tábla 1: Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

# Cuid 2: Torthaí an Chomhairliúcháin

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Díríodh sa chomhairliúchán go forleathan ar a dtugtar luach faoi Araibis na hArdteistiméireachta mar ábhar, más rud é go léirítear an fhoghlaim fhorleathan sna comhpháirteanna measúnaithe laistigh den ábhar agus cé na tacaíochtaí a theastaíonn chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm go rathúil. Is féidir na torthaí a ghrúpáil faoi na téamaí seo a leanas:

- Cur i láthair agus Sprioc-léitheoirí
- Teagasc agus Foghlaim
- Ról na hAraibise Caighdeánaí Nua-Aimseartha agus na hAraibise Canúnaí
- Measúnú don Teistiúchán

Léirítear réimsí eile nár glacadh comhairle maidir leo ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt shonraíocht na hAraibise sa chuid seo den tuarascáil freisin.

## Cur i láthair agus Sprioc-Léitheoirí

Tá Araibis na hArdteistiméireachta *"ceaptha lena húsáid ag foghlaimeoirí ó gach cúlra teanga, lena n-áirítear iad siúd ó chúlra teanga oidhreachta/ pobail/ baile ar mian leo roinnt scileanna nó na scileanna ar fad ina stór cumarsáideach a fheabhsú, mar aon leo siúd nach bhfuil aon taithí acu ar an teanga"* (Dréachtsonraíocht, lch. 5). Thaitin leis na rannpháirtithe ar fad an cur i láthair (leibhéal A2 – B1 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach[1]) faoin tsonraíocht churaclaim athfhorbartha chun tacú le gach scoláire atá san áireamh leis na sprioc-léitheoirí a luadh. Mar sin féin, thuairiscigh roinnt múinteoirí easpa soiléireachta maidir le sprioc-léitheoirí na dréachtsonraíochta, agus thug siad le fios go raibh sé míshoiléir cé acu an raibh sé dírithe ar chainteoirí oidhreachta nó ar fhoghlaimeoirí ab initio.

*"Níl sé soiléir domsa cé acu an bhfuil an dréachtsonraíocht seo dírithe ar Fhoghlaimeoirí Oidhreachta na hAraibise sa chás go bhfuil tuismitheoir amháin ar a laghad ina chainteoir dúchais agus sa chás go labhraítear Araibis sa bhaile"*
(Freagróir suirbhé)

---

[1] D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (FTCE) in 2001 agus nuashonraíodh é in 2020 chun 'bunús coitianta a chur ar fáil chun siollabais teanga, treoirlínte curaclaim, scrúduithe, téacsleabhair, srl, ar fud na hEorpa a fhorbairt' (Comhairle na hEorpa 2001, lch. 1)

Thug na múinteoirí le fios go raibh an dréachtsonraíocht ró-uaillmhianach d'fhoghlaimeoirí ab initio, agus chaith siad solas ar an ngá le bunleibhéal Araibise chun rochtain a fháil ar an tsonraíocht churaclaim seo. Ceapadh go mbeadh sé inmhianaithe cúrsa ullmhúcháin a chur ar fáil do scoláirí ab initio sula nglacfadh siad páirt i sonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta. Chaith múinteoirí solas ar ionchais an scoláire freisin, agus cheap siad go raibh staidéar ar na téacsanna liteartha ró-uaillmhianach le hagaidh cúrsa 180 uair an chloig.

> *"Chun plé go fiúntach leis an litríocht i ndlínsí eile, ní tharlódh sé sin ach i ndiaidh 200 – 300 uair an chloig. Cuir i bhfocail eile, mar shampla "sleachta ó litríocht." Bheadh sé níos fearr leanúint de dhíriú ar "théacsanna níos ginearálta, agus d'fhéadfaí sleachta as téacsanna liteartha" a chuimsiú leis na téacsanna sin"* (Agallamh teileafóin).

Shainaithin na múinteoirí roinnt torthaí foghlama a cheap siad a bheith ró-leathan, agus ródhúshlánach dá réir le haghaidh chúrsa 180 uair an chloig, agus gur cheart iad a dhéanamh níos soiléire agus níos sonraí.

## Teagasc agus Foghlaim

Bhí na rannpháirtithe thar a bheith dearfach faoin ngné seo den dréachtsonraíocht, go mór mór comhtháthú an eolais, na scileanna, na luachanna agus na meonta agus an tagairt d'idirghníomhaíochtaí fíorshaoil agus úsáid phraiticiúil as Araibis i gcásanna laethúla, mar atá léirithe sna torthaí foghlama. Breathnaíodh ar ionchuimsiú an eolais go bhfuil go leor scileanna teanga ag an scoláire cheana mar *"rud breise suntasach"* (Aighneacht scríofa).

### Ról na dtéacsanna

Cheap na rannpháirtithe go raibh sé go maith gur cuireadh san áireamh réimse leathan téacsanna agus an rogha leathan atá ag na múinteoirí agus scoláirí anois maidir leis na téacsanna a roghnaíonn siad le staidéar a dhéanamh orthu. Agus plé á dhéanamh ar sholúbthacht na dtéacsanna, cheap na scoláirí go raibh sé go maith nach raibh aon liosta forordaithe ann agus bhí siad ar aon tuairim go bhfuil sé tábhachtach téacsanna nua-aimseartha a bheith san áireamh ann, fearacht scannán.

> *"Is suimiúil an rud é gur cuireadh san áireamh téacsanna Araibise neamhliteartha de bharr go gcuireann sé seo go mór le líon na bhfoinsí ar féidir le múinteoirí agus scoláirí leas a bhaint astu. Is maith é seo go háirithe nuair a dhéantar machnamh ar an gcaoi a mbaineann aos óg an lae inniu leas as eolas agus a n-idirghníomhaíonn siad leis."* (Aighneacht scríofa)

Léirigh roinnt scoláirí go raibh imní bheag orthu faoin easpa acmhainní amhail téacsleabhair a d'fhéadfadh foinse shaibhir téacsanna a chur ar fáil sa sprioctheanga. Chomhaontaigh na múinteoirí gur thaitin sé leo go raibh rogha téacsanna ann le staidéar a dhéanamh orthu ach bhí imní orthu faoin ualach oibre breise a chuireann sé sin orthu agus an easpa acmhainní atá ar fáil

dóibh. Léirigh siad an gá le hacmhainní, go mór mór téacsanna ó bhéal[2] atá feiliúnach agus spreagúil. Bhí roinnt múinteoirí sásta leis an rogha a bhí ag na múinteoirí go teoiriciúil ach ní raibh siad cinnte faoin méid a bhí le teagasc acu. Dúirt siad *"Nuair a bhíonn sé ró-oscailte, tá sé ródheacair"* agus gur mhaith leo tuilleadh treoraíochta maidir leis na cineálacha téacsanna le staidéar a dhéanamh orthu.

## An Phunann Teanga

Is iomaí múinteoirí ar thaitin ionchuimsiú phunann na dteangacha leis. Ceapadh gur forbairt an-áisiúil a bhí ann a thacaíonn le réasúnaíocht agus le haidhmeanna na sonraíochta.

> *"Trí réimse leathan rudaí a chuimsiú sa phunann cinnteofar léiriú leathan mionsonraithe ar dhul chun cinn agus spéiseanna foghlama teanga na scoláirí, agus cuireann sé deis ar fáil le haghaidh solúbthachta agus rogha."* (Aighneacht scríofa)

Cé gur thaitin sé leis na múinteoirí gur cuireadh punann teangacha leis agus cé gur thuig siad na buntáistí a bhaineann léi maidir le teagasc agus foghlaim, ní raibh siad cinnte cén ról a bhí aici sa Chomhpháirt Measúnaithe Bhreise (CMB). Thacaigh an t-aiseolas ó na scoláirí leis an dearcadh seo, agus ceapadh gur rud dearfach a bhí ann an phunann teangacha a chur le foghlaim na hAraibise, ach bhí go leor acu amhrasach faoin luach a bheadh uirthi mura ndéantar measúnú follasach uirthi. Bhí imní ar na scoláirí más rud é nach ndéantar measúnú uirthi, go mb'fhéidir go mbreathnófaí uirthi mar obair bhreise gan luach saothair dóthanach.

> *"Sílim, dá gcuirfí i bhfeidhm córas grádaithe don phunann go spreagfadh sé an scoláire breathnú uirthi mar shócmhainn riachtanach ina phróiseas foghlama. Tá go leor taithí agam mar oideoir, agus thug mé faoi deara gur iondúil gurb iad na hábhair ina bhfuil comhpháirteanna breise ann d'obair chúrsa a spreagann níos mó rannpháirtíochta ón scoláire. Spreagann an cur chuige seo rannpháirtíocht ghníomhach agus meallann sé an scoláirí chun clárú sa chúrsa, toisc go measann siad gur cothrom agus tairbheach dá bhfeidhmíocht iomlán é go bhfuil dáileadh cothrom sna marcanna idir obair chúrsa agus scrúduithe."* (Aighneacht scríofa)

Bhí amhras ar roinnt múinteoirí agus scoláirí faoin bhfeidhm a bhí ag an bpunann agus thaitin sé leo go bhfoilseofaí na treoirlínte punainne chun tuilleadh soiléireachta agus treorach a chur ar fáil.

## Torthaí foghlama

Bhí aiseolas ginearálta ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo an-dearfach, go mór mór maidir leis an mbéim ar rannpháirtíocht ghníomhach i gcásanna laethúla ar chumarsáid bhríoch.

---

[2] Téacs ó bhéal: An cineál cumarsáide a labhraítear nó a chuirtear ar aghaidh ó bhéal go béal.

Cheap roinnt rannpháirtithe go raibh sé dearfach go raibh treoir bhreise curtha ar fáil sna ranna "foghlaimíonn an scoláire faoi" agus agus go raibh nasc soiléir idir na torthaí foghlama agus na príomhinniúlachtaí.

> *"Aithnítear leis an gcur chuige seo go bhfuil níos mó ag baint le foghlaim teanga ná stór focal agus rialacha gramadaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair; cuimsítear leis cur i bhfeidhm praiticiúil agus idirghníomhú chun brí a chomhchruthú i gcomhthéacsanna fíorshaoil."* (Aighneacht scríofa)

Ceapadh gur mhaith an rud é an téacs mínitheach faoi ilteangachas agus ilchultúrachas chun soiléireacht a chur ar fáil faoi na coincheapa sin agus chun tacú le cur chuige iomlánaíoch maidir le foghlaim teanga. Cheap roinnt múinteoirí go mbeadh tuilleadh samplaí ina gcabhair chun brí na dtorthaí foghlama a léiriú.

### Gramadach

In ainneoin an aiseolais dhearfaigh ar thorthaí foghlama na dréachtsonraíochta, bhí imní ar roinnt múinteoirí faoin easpa sainiúlachta maidir le haghaidh a thabhairt ar an inniúlacht ghramadúil a leagtar amach sna torthaí foghlama. Labhair siad mar gheall ar Shiollabas Eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta, ina gcuirtear iallach orthu gramadach casta a theagasc ionas go n-éireoidh go maith leis na scoláirí sa scrúdú. Cheap siad gur mhaith ann an cur i láthair faoin tsonraíocht churaclaim athfhorbartha ach ní raibh siad cinnte faoin leibhéal gramadaí a theastaíonn ag an leibhéal seo. Labhair siad ar an ngá le tuilleadh treoraíochta maidir le gramadach sna torthaí foghlama agus/nó sna rannóga "foghlaimíonn an scoláire faoi" ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta.

> *"Is maith ann an leibhéal níos lú gramadaí ach teastaíonn oiliúint uainn ionas go mbeidh a fhios againn céard atá le múineadh againn agus an méid is féidir linn neamhaird a thabhairt air."* (Fócasghrúpa na múinteoirí)

Chuir na múinteoirí in iúl freisin go raibh easpa soiléireachta ann maidir leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis maidir le gramadach a theagasc i gcomhthéacs. Mhol siad go mbeadh tuilleadh ábhar agus tuilleadh oiliúna múinteoirí cabhrach ina leith seo.

## Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha (ACN) agus Araibis Chanúnach (AC)

Bhí comhdhearcadh na coitiantachta ann i measc na rannpháirtithe go mbeadh ionchuimsiú ACN agus AC ina fhorbairt dhearfach agus go léiríonn sé úsáid laethúil dhinimiciúil na hAraibise sa tsochaí. Bhí dearcthaí éagsúla ann maidir le ról na hAraibise Caighdeánaí Nua-Aimseartha agus na hAraibise Canúnaí i dteagasc, foghlaim agus measúnú Araibis na hArdteistiméireachta. Bhí na múinteoirí agus an scoláire ar aon tuairim go bhfuil ról tábhachtach ag AC i gcumarsáid laethúil agus go léiríonn sé Araibis mar a úsáidtear í i gcásanna laethúla. Cheap siad go raibh sé thar a bheith tábhachtach go bhfoghlaimeofaí cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil le cainteoirí ó phobail éagsúla Araibise.

> *"Ba cheart go n-eascrófaí ardleibhéil cumarsáide éifeachtaí as seo sa seomra ranga agus ba cheart go n-ullmhódh sé an scoláire chun cumarsáid a thuiscint trí Araibis i réimse comhthéacsanna agus i réimse suíomhanna."* (Aighneacht scríofa)

Léirigh roinnt rannpháirtithe imní faoin am sannta de 180 uair an chloig atá ceadaithe le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach le téacsanna in ACN agus i leaganacha éagsúla Araibise.

> *"Tá cuid de na torthaí ró-uaillmhianach ó thaobh na dtéacsanna de, más rud é go mbeifear ag súil go dtuigfidh siad amhráin ar an gcéad dul síos lena mbaineann canúintí éagsúla de réir na n-áiteanna as ar tháinig siad agus filíocht Araibise, atá i bhfoirm na hAraibise Caighdeánaí Nua-aimseartha."* (Freagróir suirbhé)

Bhí dearcthaí éagsúla ag na rannpháirtithe ar an gcaoi is fearr chun idirghabháil a dhéanamh ar chumarsáid ar fud leaganacha éagsúla Araibise. Thug cuid de na rannpháirtithe na héagsúlachtaí idir na cineálacha chun solais agus thacaigh siad leis an tuairim gurb í an Araibis Chaighdeánach Nua-Aoiseach an bealach is fearr chun idirghabháil a dhéanamh idir canúintí éagsúla. Thug cuid eile acu na cosúlachtaí idir na cineálacha éagsúla chun solais, rud a chuir ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil le cainteoirí a bhfuil canúintí éagsúla acu. Bhí na rannpháirtithe ar fad ar aon tuairim go bhféadfadh an scoláire a chuid cainte a dhéanamh intuigthe ach úsáid a bhaint as roinnt Araibise Canúnaí.

Bhí na scoláirí den tuairim gur cheart an fócas ar mheasúnú a dhéanamh ar a inniúlacht teanga a bheith dírithe ar an teachtaireacht a chur in iúl. Léirigh sé imní go gceapfaí go mbeadh úsáid na hAraibise Canúnaí chun tacú le cumarsáid mícheart, agus ceisteanna á bhfreagairt sa scrúdú agus cheap sé go mbeadh sé sin éagothrom dá mba rud é go mbeadh sé in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil. Bhí imní ar chuid de na múinteoirí go mbeifí ag súil go dteagascfaidís go leor canúintí Araibise éagsúla agus d'iarr siad tuilleadh soiléireachta agus deimhnithe nach mbeifí ag súil go ndéanfaidís é sin. Léirigh na múinteoirí freisin an gá le tuilleadh soiléireachta maidir le ról ACN agus AC i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus tharraing siad aird ar an ngá le tuilleadh oiliúna agus acmhainní maidir leis an ngné seo den churaclam.

## Measúnú don teistiúchán

Cheap na rannpháirtithe gur mhaith ann an cur chuige níos iomlánaíche lena gcuimsítear béaltriail agus scrúdú cluastuisceana. Cheap na múinteoirí gur mhaith an rud é go "*léireoidh gach gné den mheasúnú cineál comhtháite na snáitheanna den tsonraíocht.*" (Dréachtsonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta lch. 29) agus thacaigh siad leis an gcur chuige ilmhódach agus comhtháite maidir le hábhair spreagtha agus le ceisteanna.

Tháinig na rannpháirtithe ar an chomhaontú go bhfuil úsáid ACN le haghaidh ábhair spreagtha agus ceisteanna ar fud an scrúdaithe deiridh agus ar fud na gComhpháirteanna Measúnaithe Breise (CMBanna) cabhrach agus go gcinntíonn sé cothroime i measc na scoláirí.

### Comhpháirteanna Measúnaithe Breise

Cheap an scoláire gur maith iad na Comhpháirteanna Measúnaithe Breise agus bhí sé ar son na hAraibise a bheith ar aon dul le teangacha eile sa tsraith shinsearach. Cé go raibh na múinteoirí agus an scoláire an-dearfach faoi thabhairt isteach na béaltrialach agus an scrúdaithe cluastuisceana, níor aontaigh cuid acu le hualú reatha na gcomhpháirteanna measúnaithe. Bhí meascán dearcthaí ann maidir leis na céatadáin, cé gurbh é comhdhearcadh na coitiantachta i measc na rannpháirtithe go mba cheart go mbeadh an céatadán is airde ag gabháil don ghné bhéil i gcás leibhéal A2 – B1. Bhí imní ar chuid de na rannpháirtithe go mbeadh na hionchais don scrúdú scríofa ag an gcéim seo d'fhoghlaim teanga ró-ard. Le linn do scoláirí an scrúdú scríofa a phlé, is

iomaí scoláire a bhí imníoch go ngearrfaí pionós orthu as AC a úsáid in áit ACN mar straitéis chúitimh agus d'iarr siad deimhniú ina leith.

## Béaltriail

Cheap na rannpháirtithe ar fad gur maith an rud é tabhairt isteach na béaltrialach agus is iomaí rannpháirtí a labhair air mar fhorbairt dhearfach den dréachtsonraíocht churaclaim. Agus an bhéaltriail á plé ag scoláirí, cheap siad gur maith an rud é go bhféadfaidís ceisteanna a fhreagairt ach úsáid a bhaint as foirmeacha canúna na hAraibise chun cumarsáid a éascú, agus thug siad le fios go léiríonn sé seo an bealach nádúrtha chun Araibis a labhairt. Cheap sé freisin gur maith an rud é go gcuirfí na ceisteanna in ACN chun cothroime a chinntiú do gach scoláire.

Cheap na múinteoirí gur maith an rud í an bhéaltriail, ach léirigh siad gá le tuilleadh soiléireachta maidir le húsáid a bhaint as "roinnt Araibise Canúnaí." Bhí dearcthaí éagsúla ann idir na múinteoirí maidir le húsáid na hAraibise Canúnaí sa bhéaltriail. Bhí tuairimí láidre ag cuid acu go mba cheart go léireofaí úsáid na hAraibise san fhíorshaol sa bhéaltriail agus nach bacainn ar chumarsáid a bheadh ann maidir le húsáid na hAraibise Canúnaí.

> *"Níl sé deacair ar chainteoir dúchais canúintí éagsúla a thuiscint ag an leibhéal seo. Cén fáth a bhfuilimid ag súil go n-úsáidfidh an scoláire idirghabháil ach nach bhfuilimid ag súil go n-úsáidfidh na múinteoirí agus na scrúdaitheoirí ar cainteoirí dúchais iad idirghabháil freisin?"* (Agallamh teileafóin)

Bhí múinteoirí eile ar aon tuairim nach mbeadh aon deacracht ag baint le roinnt Araibise Canúnaí a úsáid, ach bhí siad ag iarraidh a chinntiú nach gceapfadh a scoláirí go ndéanfar iad a scrúdú in Araibis Chanúnach.

> *"Tá muid ag iarraidh go labhróidh an scoláire Araibis agus táimid ag iarraidh go mbeidh siad intuigthe, ach nílimid ag iarraidh go gceapfaidís go ndéanfar iad a scrúdú ar chúrsaí canúna."* (Fócasghrúpa na múinteoirí)

Moladh go mba cheart go mbeadh cur i gcrích na dtascanna ina thosaíocht de réir an chur chuige dírithe ar ghníomh agus go mba cheart go léireofaí an cur chuige seo sna critéir mheasúnaithe. Chaith múinteoirí solas freisin ar an ngá le forbairt ghairmiúil lena chinntiú go mbeadh taithí acu ar an bpróiseas, go háirithe maidir le húsáid ACN agus AC.

Bhí na rannpháirtithe d'aon tuairim go bhfuil tuilleadh soiléireachta ag teastáil maidir leis an ról a bheadh ag an bpunann teanga sa bhéaltriail chun treoir shoiléir a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir leis na sonraí a bhaineann le ról na punainne.

> *"Is cur chuige dearfach scoláire-lárnaithe é ligean don scoláire úsáid a bhaint as scileanna ilteangachais agus idirghabhála, lena n-áirítear Araibis Chanúnach, chun ceisteanna a fhreagairt. Léiríonn sé sin úsáid na teanga san fhíorshaol agus má chothaítear an cur chuige seo go fonnmhar i gcleachtas seomra ranga go laethúil, ní bheidh an oiread sin faitís ar an scoláire roimh an mbéaltriail ach taithí a fháil ar chomhrá agus ar chumarsáid rialta."* (Aighneacht scríofa)

### Scrúdú Cluastuisceana

Ceapadh gur dearfach an rud é tabhairt isteach an scrúdaithe cluastuisceana sa scrúdú freisin, rud a ailíníonn Araibis le scrúduithe teanga eile san Ardteistiméireacht. Bhí tuairimí láidre ag na múinteoirí go mbeadh tionchar dearfach aige sin ar eispéireas foghlama an scoláire ach léirigh siad an gá le tacaíocht agus le hacmhainní.

> *"Tá sé go maith ach teastaíonn uainn go leor samplaí agus oiliúna lena aghaidh seo de bharr go bhfuil sé nua agus ba mhaith linn go n-éireodh linn."* (Fócasghrúpa múinteoirí)

Cheap an scoláire agus na múinteoirí gur maith an rud é úsáid a bhaint as ACN in ábhair spreagtha agus i gceisteanna sa scrúdú cluastuisceana, agus thug siad le fios, cé nach léiríonn sé seo cumarsáid labhartha bharántúil, cuireann sé cinnteacht agus cothroime ar fáil do gach scoláire. Chaith múinteoirí solas ar an ngá le tuilleadh soiléireachta maidir le húsáid na scileanna agus na straitéisí idirghabhála do fhreagraí an scoláire.

> *"Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an scoláire ceisteanna a chuirtear sa Scrúdú cluastuisceana a fhreagairt chun cur níos mó le hinrochtaineacht agus le hionchuimsitheacht an scrúdaithe."* (Aighneacht scríofa)

## Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil

Labhair gach rannpháirtí ar an ngá le tacaíocht mhór ionas go dtabharfar isteach é go rathúil. I measc na bpríomhréimsí tacaíochta a labhraíodh orthu bhí, forbairt ghairmiúil, creidiúnú múinteoirí leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus forbairt agus soláthar na n-acmhainní teagaisc ardchaighdeáin. Bhí siad den tuairim go dteastódh uasoiliúint mhór do mhúinteoirí Araibise ionas go dtabharfar isteach sonraíocht churaclaim athfhorbartha Araibis na hArdteistiméireachta de réir an chur chuige atá dírithe ar ghníomh. Bhí imní ar mhúinteoirí freisin faoi infhaighteacht na n-ábhar agus na n-acmhainní feiliúnacha ardchaighdeáin chun tacú le heispéiris éifeachtacha agus spreagúla.

Tarraingíodh aird ar an gcomhthéacs ar leith chun Araibis a theagasc in Éirinn ina leith seo, de bharr go ndéanann go leor scoláirí staidéar ar Araibis lasmuigh dá ngnáth-amchlár scoile. Mar thoradh air sin, is iomaí múinteoir nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Léirigh na rannpháirtithe an gá go bhfaigheadh na múinteoirí creidiúnú chun rochtain a fháil ar fhorbairt ghairmiúil agus ar thacaíocht.

> *"Beidh clárú na múinteoirí atá in ann Araibis a theagasc tríd an gComhairle Mhúinteoireachta riachtanach, de bharr nach féidir leis na rannpháirtithe clárú le haghaidh Thimpeallacht Foghlama Teagaisc Oide (PLE Oide) gan uimhir a bheith acu ón gComhairle Mhúinteoireachta."* (Aighneacht scríofa)

# Cuid 3: Breithnithe agus Conclúidí

## Breithnithe

Ar an iomlán, glacadh go maith leis an dréachtsonraíocht d'Araibis na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le plé agus díospóireacht ar ghnéithe lárnacha de dhearadh an ábhair athfhorbartha. Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a ndéanfaidh an meitheal forbartha measúnú air le linn dóibh sonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta a chur i gcrích.

Cuimsítear leis na príomhphointí le machnamh a dhéanamh orthu, soláthar an mhéid seo a leanas:

- Tuilleadh soiléireachta maidir le sprioc-léitheoirí na sonraíochta curaclaim.
- Tuilleadh soiléireachta maidir le ról na hAraibise Canúnaí agus na hAraibise Caighdeánaí Nua-aimseartha i bhforbairt na hinniúlachta ilteangaí agus ilchultúrtha.
- Tuilleadh soiléireachta maidir le ról na hidirghabhála i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú.
- Tagairt ar leith do phunann teanga an scoláire mar chuid den Comhpháirt Measúnaithe Bhreise.
- Tagairt fhollasach do scileanna agus do straitéisí idirghabhála i ngach comhpháirt measúnaithe agus tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil i dTuairisceoirí na Cáilíochta le haghaidh na Béaltrialach agus an Scrúduithe Cluastuisceana.
- Tuilleadh soiléireachta maidir leis na cineálacha éagsúla téacsanna agus tascanna de réir an chur chuige dírithe ar ghníomh.
- Tacaíochtaí breise chun cur chuige dírithe ar ghníomh a thabhairt isteach.

Is fiú a lua gur léiríodh san aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí go raibh gá níos leithne le feabhas a chur ar leanúnachas agus dul chun cinn don scoláire ar mhaith leis staidéar a dhéanamh ar Araibis na hArdteistiméireachta. Cé go bhfuil an t-aiseolas seo lasmuigh de scóip obair na meithle forbartha, tuairiscítear é le tuilleadh machnaimh a dhéanamh air.

## Conclúid

Fuarthas neart eolais sa phróiseas comhairliúcháin. Aithníonn CNCM rannpháirtíocht na rannpháirtithe agus tá siad buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe ar thaithí agus sainiúil. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfacha ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Léiríonn an freagairt dhearfach ó mhúinteoirí dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar fhoghlaim na hArdteistiméireachta, os rud é nach raibh aon athrú suntasach uirthi le roinnt mhaith blianta anuas.

# Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2019) *Straitéis Taighde*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/en/publications-and-research/research-strategy/[léite an 3 Feabhra 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) Tuarascáil Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf
[léite an 3 Feabhra 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *An Beartas Cosanta Sonraí*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] https://ncca.ie/media/4630/ncca-data-protection-policy.pdf
[léite an 3 Feabhra 2024]

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Cumann Araibise na hÉireann
Fauzia Saeed
Oide.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment